



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 4.6.2021
SWD(2021) 153 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN
ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ
TIONCHAIR**

a ghabhann leis an doiciméad

Rialachán Tarmligthe (AE) .../... ón gCoimisiún

Iena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na critéir scagtha theicniúla a bhunú chun na coinníollacha a chinneadh faoina bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch cáilithe mar rannchuidiú substaintiúil le maolú ar an athrú aeráide nó le hoiriúnú don athrú aeráide agus chun a chinneadh cé acu a dhéantar nó nach ndéantar dochar suntasach leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch sin d'aon cheann de na cuspóirí comhshaoil eile

{C(2021) 2800 final} - {SEC(2021) 166 final} - {SWD(2021) 152 final}

Bileog Achoimre Feidhmiúcháin
Measúnú tionchair a ghabhann le Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/852.
A. An gá atá le beart
Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í ar leibhéal an Aontais?
D’fhoillíonn spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais le haghaidh 2030 a chomhlíonadh agus cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach, ní mór infheistíochtaí díreacha a atreorú i dtreo tionscadal agus gníomhaíochtaí atá inbhuanaithe. Leis an gcreat de chuid an Aontais a glacadh le déanaí chun infheistíochtaí inbhuanaithe a chur chun cinn (an ‘Rialachán Tacsanomaíochta’) tugtar faoin easpa soiléireachta maidir leis na gníomhaíochtaí eacnamaíocha ar féidir iad a mheas mar ghníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Leis an Rialachán Tacsanomaíochta éilítear ar an gCoimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh lena sonrófar critéir scagtha theicniúla chun gníomhaíochtaí eacnamaíocha a chinneadh trínar féidir rannchuidiú go substaintiúil le maolú an athraithe aeráide nó le hoiriúnú don athrú aeráide gan díobháil a dhéanamh do na cuspóirí comhshaoil eile atá liostaithe sa Rialachán Tacsanomaíochta. Leis an tuarascáil seo cuirtear torthaí ar mheasúnú tionchair comhréireach i láthair lena ndéantar anailís ar an gcaoi a gcuirtear na critéir scagtha theicniúla sin in aghaidh na gceanglas a leagtar síos sa Rialachán Tacsanomaíochta. Dá bhrí sin tá sé ina chuid rithábachtach de thacsanomaíocht an Aontais agus tá sé ina chuidiú leis an gcóras aicmithe seo le haghaidh gníomhaíochtaí inbhuanaithe a bheith iontaofa agus ábhartha do chinntí gnó agus infheistíochta.
Cad é ba cheart a bhaint amach?
Ba cheart go soláthródh na critéir scagtha theicniúla an fhaisnéis mhionsonraithe a theastaíonn chun na coinníollacha faoina mbíonn gníomhaíochtaí eacnamaíocha inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a shainaithint. Dá bhrí sin soláthraítear leis na critéir an fhaisnéis theicniúil is gá chun dul i ngleic leis an bhfadhb ar aidhm leis an Rialachán Tacsanomaíochta í a réiteach – faisnéis chomhchuibhithe a sholáthar ar leibhéal an Aontais Eorpaigh maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de chun críocha infheistíochta. Chun sin a bhaint amach ní mór go gcomhlíonann na critéir scagtha theicniúla na ceanglais atá liostaithe sa Rialachán Tacsanomaíochta. Go háirithe, ba cheart iad a bheith i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais agus uailmhian ar ardleibhéal á léiriú leo i dtaca leis an gcomhshaoil, cothroime iomaíochta á cur chun cinn leo, agus ba cheart iad a bheith éasca le húsáid ag oibreoirí eacnamaíocha agus ag infheisteoirí.
Cad é an breisluach atá le gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (coimhdeacht)?
Bunaíodh coimhdeacht agus an gá le gníomhaíocht an Aontais sa mheasúnú tionchair a ghabhann le moltaí reachtaíochta i dtaobh an Rialacháin Tacsanomaíochta arna gcur ar aghaidh ag an gCoimisiún i mBealtaine 2018. Is cuid dhílis é an gníomh tarmligthe den Rialachán Tacsanomaíochta agus áirithítear leis gur féidir na cuspóirí lena mbaineann a bhaint amach. Tá an gá le gníomhaíocht ina thoradh díreach ar an Rialachán Tacsanomaíochta. Leis an rialachán sin éilítear ar an gCoimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh lena sonrófar na critéir scagtha theicniúla le haghaidh na gcuspoirí aeráide.
B. Réitigh
Cad iad na roghanna chun na cuspóirí a bhaint amach? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Mura bhfuil, cén fáth nach bhfuil?
Bhunaigh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle príomhghnéithe thacsanomaíocht an Aontais sa Rialachán Tacsanomaíochta, lena n-áirítear na cuspóirí comhshaoil, coincheap an rannchuidithe shubstaintiúil agus ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’, mar aon leis na ceanglais nach mór iad a chomhlíonadh leis na critéir scagtha theicniúla. Leis na ceanglais sin cuirtear teorainn le lánrogha an Choimisiúin i leith an ghnímh tarmligthe. Cé nach gceadaítear roghanna beartais sonracha leis sin ná foirmlíú bonnlíne, déantar cuir chuige éagsúla maidir le dearadh na gcritéir scagtha theicniúil a mheasúnú sa tuarascáil seo d’fhoillíonn na ceanglais sin a chomhlíonadh. Meastar go n-aimsítear an chothromaíocht cheart idir cheanglais an Rialacháin i bhfianaise na gcomhhabhtálacha lena mbaineann leis na cuir chuige tosaíochta maidir leis na critéir scagtha theicniúla a shocrú.
Cad iad tuairimí na bpáirtithe leasmhara éagsúla? Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo
Is é an príomhionchur teicniúil don mheasúnú sin an obair ullmhúcháin don ghníomh tarmligthe a rinne an Sainghrúpa Teicniúil um Maoiniú Inbhuanaithe (‘TEG’), a raibh baint ghníomhach ag geallsealbhóirí leis trí roinnt babhtáí comhairliúcháin agus gníomhaíochtaí for-rochtana a d’imir tionchar ar a chuid oibre. Sholáthair siad barúlacha iomadúla maidir le critéir scagtha theicniúla shonracha arna moladh ag TEG agus ag an gCoimisiún. Déantar tagairt i bhformhór na mbarúlacha do

ghníomhaíochtaí eacnamaíocha sonracha agus baineann siad le cuid de na ceanglais as a mbaintear úsáid chun na critéir scagtha theicniúla sa tuarascáil seo a mheasúnú. Ina theannta sin, foilsíodh an dréachtghníomh tarmligthe le haghaidh aiseolais i mí na Samhna 2020. Dearbhaíodh leis an méid mór aiseolais a fuarthas a thábhachtaí atá an Tacsanomaíocht mar uirlis chun cabhrú le sreabhadh i dtreo gníomhaíochtaí eacnamaíocha níos inbhuanaithe a mhaoiniú agus dlús a chur leis an aistriú faoin gComhaontú Glas don Eoraip. Cuireadh roinnt ábhar inní in iúl freisin le deighilt mhór idir na cinn lena moltar critéir atá níos uailmhianaí agus na cinn nach bhfuil chomh uailmhianach céanna.
C. Tionchar na rogha tosaíochta
Cé na tairbhí a bhaineann leis an rogha thosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad tairbhí na bpríomhroghanna)? Leis an ngníomh tarmligthe seo soláthrófar soiléireacht maidir leis na gníomhaíochtaí eacnamaíocha ar féidir iad a mheas mar ghníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Táthar ag súil go dtiocfaidh tairbhí ionchasacha as úsáid thacsanomaíocht an Aontais, tairbhí ionchasacha a bheidh ag brath go príomha ar ghlacadh deonach na tacsanomaíochta i measc oibreoirí eacnamaíocha. Ní féidir na tairbhí sin a mheas ag an gcéim seo. Is dócha áfach, ag brath ar an nglacadh, go dtiocfaidh tairbhí eacnamaíocha ionchasacha ón trédhearcacht fheabhsaithe arna cur ar fáil ag an ngníomh tarmligthe i bhfoirm costas laghdaithe ionas gur féidir le hinfheisteoirí gníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a shainaithint agus gur féidir le corparáidí iad a chistiú. Is dócha go dtiocfaidh tairbhí comhshaoil agus sóisialta ó mhéadú ar shreafaí caipitil go gníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, rud a chuideoidh, dá bhrí sin, le timpeallacht mhaireachtála níos glaine, níos sláintiúla agus níos seasmhaí ó thaobh na haeráide a sholáthar.
Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann dóibh, murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)? Ní ghintear costais dhíreacha nua leis an ngníomh tarmligthe féin, mar ní dhéantar ach an fhaisnéis theicniúil a sholáthar do thacsanomaíocht an Aontais. Go hindíreach, is féidir leis an gcalabhrú seo difear a dhéanamh d'inúsáideacht, agus dá bhrí sin is féidir leis na costais a bhaineann lena úsáid a chur i bhfeidhm. Beidh costais i gceist mar gheall ar cheanglais (éigeantacha) níos leithne thacsanomaíocht an Aontais, go háirithe do chuideachtaí móra (a thagann faoi raon feidhme na Treorach um Thuairisciú Neamh- Airgeadais) agus do rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais chun faisnéis atá ábhartha do thacsanomaíocht a bhailiú agus a nochtadh i leith a gcuid gníomhaíochtaí.
Cén tionchar a imreofar ar FBManna agus ar an iomaíochas? Níl tionchar díreach ag an ngníomh tarmligthe féin ar FBManna, mar ní dhéantar leis ach an calabhrúchán teicniúil a sholáthar le haghaidh thacsanomaíocht an Aontais. D'fhéadfadh FBManna, áfach, rogha a dhéanamh roinnt faisnéise a chur ar fáil go deonach i gcomhréir leis an tacsanomaíocht, ag brath ar an gcoibhéis costais is tairbhe dar leo dá ndéanfaí sin. Tríd is tríd, meastar go laghdóidh tacsanomaíocht an Aontais neamhshiméadrachtaí faisnéis agus go gcuirfidh sí le trédhearcacht. Le himeacht aimsire, d'fhéadfadh sé sin cuidiú le suíomh iomaíoch cuideachtaí atá rannpháirteach i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha inbhuanaithe a fheabhsú i gcomparáid le cuideachtaí eile.
An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta? n/bh
An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist? Lasmuigh den Aontas Eorpach, d'fhéadfadh an gníomh tarmligthe a bheith ina phointe tagartha tábhachtach freisin chun infheistíochtaí inbhuanaithe a chur chun cinn ar fud an domhain.
Comhréireacht? Leagadh na cuspóirí agus ceanglais don ghníomh tarmligthe amach sa Rialachán Tacsanomaíochta, rialachán nach sáraíonn an méid atá riachtanach chun na cuspóirí dá chuid a bhaint amach.
D. Iarobair
Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas? Táthar ag súil go ndéanfar na critéir scagtha theicniúla sa ghníomh tarmligthe seo a nuashonrú go tréimhsiúil, gach 3 bliana go 5 bliana ar a laghad, bunaithe ar chomhairle ón Ardán um Airgeadas Inbhuanaithe. Leis sin, áiritheofar go gcoimeádfaidh siad cothrom le dáta le hathruithe sa teicneolaíocht agus go mbeidh siad i gcomhréir le cuspóirí aeráide agus comhshaoil an Aontais agus go ligfear le gníomhaíochtaí inbhuanaithe leo de réir mar is iomchuí.